C/2026/2823

28.5.2026

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2026/2823)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Mont Caume'

Uimhir thagartha AE: PGI-FR-A1206-AM02 — 4.3.2026

1. **Ainm an táirge**

'Mont Caume'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ ATFC

☑ TGFC

☐ TG

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☑ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An Fhrainc

5. **Údarás an Bhallstáit a bhfuil an leasú caighdeánach á chur in iúl aige**

Ainm

An Aireacht Talmhaíochta agus Bhiafhlaithis, Ard-Stiúrthóireacht Fheidhmíocht Eacnamaíoch agus Chomhshaoil na bhFiontar

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Measann údaráis na Fraince go gcomhlíonann an t-iarratas ceanglais Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) 2024/1143.

Is leasuithe caighdeánacha iad na leasuithe ar an tsonraíocht táirge sin mar a shainmhínítear in Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143.

Níl i gceist leis an iarratas ar leasú ar an TGFC aon cheann de na trí chás ar leasú ar leibhéal an Aontais iad; go sonrach:

(a) níl i gceist leis athrú ar an ainm ná ar úsáid an ainm, ná ar na táirgí ná ar an gcatagóir táirgí arna n-ainmniú leis an tásc geografach;

(b) níl an baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní;

(c) níl srianta breise ar mhargú an táirge i gceist leis.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

Measann údaráis na Fraince dá bhrí sin gur le haghaidh leasú caighdeánach an t-iarratas.

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Teideal

Limistéir gheografacha ina dtarlaíonn na hoibríochtaí

Tuairisc

Forlíonadh Caibidil I den tsonraíocht táirge ag pointe 4 – 'Limistéir gheografacha ina dtarlaíonn na hoibríochtaí', pointe 4.1 – 'Limistéar geografach' agus pointe 4.2 – 'Limistéar díreach in aice láimhe' chun tagairt do Chód Geografach Oifigiúil 2024 a áireamh, agus chun liosta na mbardas uile sa limistéar geografach a thabhairt cothrom le dáta, gan athrú a dhéanamh air.

Leis an leasú eagarthóireachta sin, beifear in ann an limistéar geografach a aithint le tagairt do leagan 2024 den Chód Tíreolaíoch Oifigiúil, arna fhoilsiú ag an Institiúid Náisiúnta Staidrimh agus Staidéar Eacnamaíoch (INSEE), rud a thugann deimhneacht dhlíthiúil do chríochú na limistéar geografach.

Cuireadh an tagairt chéanna isteach sa doiciméad aonair faoi na ceannteidil 'Limistéar geografach' agus 'Coinníollacha breise – limistéar díreach in aice láimhe'.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Cineálacha fíniúna

Tuairisc

Forlíonadh Caibidil I den tsonraíocht táirge ag pointe 5 – 'Cineálacha fíniúna' chun dhá chineál a chur le liosta na gcineálacha atá incháilithe don TGFC.

Is iad na cineálacha sin Mourvèdre blanc B agus Mourvèdre gris G, sócháin spontáineacha Mourvèdre noir, cineál fíniúna traidisiúnta roinn Var. Tá na cineálacha sin frithsheasmhach in aghaidh galar agus triomaigh, agus dá bhrí sin tá siad dea-oiriúnaithe don aeráid theas atá ina saintréith den limistéar táirgeachta.

Is é spéis sa chomhshaoil is cúis le cuimsiú na gcineálacha, i dtéarmaí téamh domhanda agus oiriúnú do bhrúnna lotnaidí araon.

Ní mór iad a chur leis an liosta cineálacha fíonchaor sa doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Ceanglais maidir le dearbhú

Tuairisc

I gCaibidil 2 den tsonraíocht táirge, forlíonadh pointe 1 – 'Ceanglais dearbhaithe' chun an 31 Eanáir den bhliain tar éis na buaine a thabhairt mar an sprioc-am don dearbhú buaine agus/nó don dearbhú táirgthe. Is ionann na méideanna arna ndearbhú faoin dáta sin agus an t-uasmhéid atá incháilithe do TGFC.

Tá an sprioc-am sin chun an dearbhú buaine a chur san áireamh coiteann do gach TGFC sa réigiún agus tá sé beartaithe deighleog TGFC a chobhsú ar an leibhéal réigiúnach agus soiléireacht níos fearr a áirithiú maidir leis na méideanna a chuirtear ar an margadh.

Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le fíonta

‘Mont Caume’

Uimhir thagartha AE: PGI-FR-A1206-AM02 — 4.3.2026

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

‘Mont Caume’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ ATFC

☑ TGFC

☐ TG

3. **Tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

An Fhrainc

4. **Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir le ceannteideal agus cód na hAinmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143**

2204 – Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

5. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna mar a liostaítear i gCuid II d’Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013**

1. Fíon

5. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

6. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta**

Táirge fíniúna

Fíonta socra dearga, fíonta socra *rosé* agus fíonta socra geala

Saintréithe orgánaileipteacha

Cuma

Bíonn dath bándearg éadrom séimh ar na fíonta *rosé*.

Bíonn na fíonta dearga gléineach.

Bíonn na fíonta geala bríomhar.

Dea-bholadh

Bíonn na fíonta dearga cumhachtach.

Bíonn na fíonta *rosé* torthaíoch agus galánta.

Bíonn dea-bholaithe bláthacha agus torthaíocha ar na fíonta geala.

Blas

Ar an iomlán, bíonn na fíonta dearga struchtúrtha agus láidir.

Bíonn na fíonta [*rosé*] torthaíoch agus scagtha.

Bíonn na fíonta geala sách bríomhar agus bíonn dea-bholaithe bláthacha agus torthaíocha orthu.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

Murab ionann agus táirgeadh eile sa roinn, ina bhfuil cion na bhfíonta *rosé* thart ar 80 %, tá na fíonta *rosé* TGFC Mont Caume cothrom le níos lú ná 55 % de mhéideanna táirgeachta. Ar an taobh eile, agus baineann an tsaintréith seo go sonrach leis an tásc geografach faoi chosaint atá i gceist, tá táirgeadh fíona dheirg níos tábhachtaí toisc go mbíonn idir 40 % agus beagnach 50 % de thoirt i gceist leis i gcónaí ag brath ar bhliain an fhíona. Tá thart ar 5 % de tháirgeadh fíona shocair, ag brath ar bhliain an fhíona, i gceist le táirgeadh fíona ghil, arb é an cion is lú é.

Táirgtear na fíonta *rosé* socra go príomha ó na cineálacha Grenache N, Cinsault N agus Carignan N, agus táirgtear na fíonta dearga go príomha ó na cineálacha Mourvèdre N, Carignan N agus Grenache N. I bhfíon geal, tugtar tús áite do na cineálacha Bourboulenc B, Ugni Blanc B agus Clairette B.

Saintréith de chuid na bhfíonta dearga is ea a struchtúr agus a ndéine.

Saintréith de na fíonta *rosé* is ea a ndath bándearg éadrom séimh agus a ndea-bholaithe torthaíocha.

Saintréith de na fíonta geala is ea a nádúr bríomhar agus a ndea-bholaithe bláthacha, torthaíocha.

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	10
Aigéadacht iomlán íosta:	-
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	-
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	-
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	-

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

-

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán; fíonta dearga, fíonta *rosé* agus fíonta geala

Saintréithe orgánaileipteacha

Cuma

Bíonn dath bándearg éadrom séimh ar na fíonta *rosé*.

Bíonn na fíonta dearga gléineach.

Bíonn na fíonta geala bríomhar.

Dea-bholadh

Bíonn na fíonta dearga cumhachtach.

Bíonn na fíonta *rosé* torthaíoch agus galánta.

Bíonn dea-bholaithe bláthacha agus torthaíocha ar na fíonta geala.

Blas

Ar an iomlán, bíonn na fíonta dearga struchtúrtha agus láidir.

Bíonn na fíonta *rosé* torthaíoch agus galánta.

Bíonn na fíonta geala sách bríomhar agus bíonn dea-bholaithe bláthacha agus torthaíocha orthu.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

Is fíonta geala (Clairette B, Ugni Blanc B) agus *rosé* (Grenache agus Cinsault) den chuid is mó iad na fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán a tháirgtear i limistéar geografach an TGFC.

Saintréith dá gcuid is ea a ngalántacht agus na dea-bholaithe torthaíocha nó bláthanna is gnách d'fhíonta socra TGFC.

Saintréith de chuid na bhfíonta dearga is ea a struchtúr agus a ndéine.

Saintréith de na fíonta *rosé* is ea a ndath bándearg éadrom séimh agus a ndea-bholaithe torthaíocha.

Saintréith de na fíonta geala is ea a nádúr bríomhar agus a ndea-bholaithe bláthanna, torthaíocha.

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	-
Aigéadacht iomlán íosta:	-
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	-
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	-
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	-

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

-

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

7. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

7.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha a úsáidtear chun an fíon nó na fíonta a dhéanamh, srianta ábhartha maidir lena ndéanamh*

Cleachtais fhíoneolaíocha

-

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Tuairisc

Ní mór do na cleachtais fhíoneolaíocha a úsáidtear chun na fíonta a dhéanamh reachtaíocht an Aontais a chomhlíonadh.

7.2. *Uastáirgeacht*

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

Fíonta socra agus fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht:	90
Aonad uastáirgeachta:	heictilítir in aghaidh an heicteáir

8. **Léiriú ar an gcineál nó cineálacha fíonchaor óna dtáirgtear an fíon nó na fíonta**

— Agiorgitiko N

— Alicante Henri Bouschet N

— Aligoté B

— Alphonse Lavallée N

— Altesse B

— Aramon N

— Aramon blanc B

— Aramon gris G

— Aranel B

— Arbane B

— Arinarnoa N

— Arriloba B

— Arrouya N

— Artaban N

— Assyrtiko B

— Aubin B

— Aubin Vert B

— Aubun N - Murescola

— Auxerrois B

— Bachet N

— Barbaroux Rs

— Baroque B

— Biancu Gentile B

— Blanc Dame B

— Bouchalès N

— Bouillet N

— Bouquettraube B

— Bourboulenc B - Doucillon blanc

— Brachet N - Braquet

— Brun Fourca N

— Brun Argenté N - Vaccarèse

— Béclan N - Petit Béclan

— Béquignol N

— Cabernet Franc N

— Cabernet Sauvignon N

— Caladoc N

— Calitor N

— Camaralet B

— Carcajolo N

— Carcajolo blanc B

— Carignan N

— Carignan blanc B

— Carmenère N

— Castets N

— Chardonnay B

— Chasan B

— Chatus N

— Chenanson N

— Chenin B

— Cinsaut N - Cinsault

— Clairette B

— Clairette rose Rs

— Clarin B

— Claverie B

— Codivarta B

— Colombard B

— Colombaud B - Bouteillan

— Corbeau N - Douce noire

— Côt N - Malbec

— Couderc noir N

— Counoise N

— Courbu B - Gros Courbu

— Courbu noir N

— Couston N

— Crouchen B - Cruchen

— César N

— Duras N

— Durif N

— Egiodola N

— Ekigaïna N

— Elbling B

— Etraire de la Dui N

— Fer N - Fer Servadou, Braucol, Mansois, Pinenc

— Feunate N

— Floreal B

— Folignan B

— Folle Blanche B

— Fuella nera N

— Furmint B

— Gamaret N

— Gamay N

— Gamay de Bouze N

— Gascon N

— Genovèse B

— Gewurztraminer Rs

— Goldriesling B

— Gouget N

— Graisse B

— Gramon N

— Grassen N - Grassenc

— Grenache N

— Grenache blanc B

— Grenache gris G

— Gringet B

— Grolleau N

— Grolleau gris G

— Gros Manseng B

— Gros vert B

— Joubertin

— Jurançon blanc B

— Jurançon noir N - Dame noire

— Knipperlé B

— Lauzet B

— Lilaro N

— Liliorila B

— Listan B - Palomino

— Lledoner pelut N

— Macabeu B - Macabeo

— Mancin N

— Manseng noir N

— Marsanne B

— Marselan N

— Maréchal Foch N

— Mauzac B

— Mauzac rose Rs

— Mayorquin B

— Melon B

— Merlot N

— Merlot blanc B

— Meslier Saint-François B - Gros Meslier

— Meunier N

— Milgranet N

— Molette B

— Mollard N

— Monarch N

— Mondeuse N

— Mondeuse blanche B

— Monerac N

— Montils B

— Morrastel N - Minustellu, Graciano

— Moschofilero Rs

— Mourvaison N

— Mourvèdre N - Monastrell

— Mourvèdre blanc B

— Mourvèdre gris G

— Mouyssaguès

— Muresconu N - Morescono

— Muscadelle B

— Muscardin N

— Muscaris B

— Muscat Ottonel B - Muscat, Moscato

— Muscat cendré B - Muscat, Moscato

— Muscat d'Alexandrie B - Muscat, Moscato

— Muscat de Hambourg N - Muscat, Moscato

— Muscat à petits grains blancs B - Muscat, Moscato

— Muscat à petits grains roses Rs - Muscat, Moscato

— Muscat à petits grains rouges Rg - Muscat, Moscato

— Mérille N

— Müller-Thurgau B

— Nero d'Avola N

— Nielluccio N - Nielluciu

— Noir Fleurien N

— Négret de Banhars N

— Négrette N

— Oberlin noir N

— Ondenc B

— Orbois B

— Pagadebiti B

— Pascal B

— Perdea B

— Persan N

— Petit Courbu B

— Petit Manseng B

— Petit Meslier B

— Petit Verdot N

— Picardan B - Araignan

— Pineau d'Aunis N

— Pinot Blanc B

— Pinot Gris G

— Pinot Noir N

— Piquepoul blanc B

— Piquepoul gris G

— Piquepoul noir N

— Plant de Brunel N

— Plant droit N - Espanenc

— Portan N

— Portugais bleu N

— Prior N

— Prunelard N

— Précoce Bousquet B

— Précoce de Malingre B

— Raffiat de Moncade B

— Ribol N

— Riesling B

— Riminèse B

— Rivairenc N - Aspiran noir

— Rivairenc blanc B - Aspiran blanc

— Rivairenc gris G - Aspiran gris

— Rosé du Var Rs

— Roublot B

— Roussanne B

— Rousseli Rs

— Roussette d'Ayze B

— Sacy B

— Saint Côme B

— Saint-Macaire N

— Saint-Pierre doré B

— Sauvignac B

— Sauvignon B - Sauvignon blanc

— Sauvignon Gris G

— Sciaccarello N

— Segalin N

— Seinoir N

— Select B

— Semebat N

— Semillon B

— Servanin N

— Solaris B

— Soreli B

— Souvignier Gris B

— Sylvaner B

— Syrah N - Shiraz

— Tannat N

— Tempranillo N

— Terret blanc B

— Terret gris G

— Terret Noir N

— Tibouren N

— Tourbat B

— Tressot N

— Téoulier N

— Ugni Blanc B

— Valdiguié N

— Varousset N

— Velteliner rouge précoce Rs

— Verdejo B

— Verdesse B

— Vermentino B - Rolle

— Vidoc N

— Villard blanc B

— Villard noir N

— Viognier B

— Voltis B

— Xarello B

— Xinomavro N

9. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach sainithe**

Déantar na fíonchaora a bhuain agus fíonta TGFC 'Mont Caume' a dhéanamh agus a phróiseáil ar chríoch na mbardas seo a leanas i roinn Var, ar bhonn Chód Geografach Oifigiúil 2024:

Bandol, Le Beausset, La Cadière-d'Azur, Le Castellet, Evenos, Ollioules, Le Revest-les-Eaux, Saint-Cyr-sur-Mer, Saint-Mandrier-sur-Mer, Sanary-sur-Mer, La Seyne-sur-Mer agus Six-Fours-les-Plages.

10. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an nasc cúisíoch leis an tionscnamh geografach bunaithe ar an méid seo a leanas:

☑ clú

☑ cáilíocht shonrach

☑ saintréithe eile

Catagóir an táirge fíniúna

1. Fíon

Achoimre ar an nasc

Suite i roinn Var in oirdheisceart na Fraince i réigiún Provence-Alpes-Côte d'Azur, sa limistéar cósta idir comhchathracha Toulon (san oirthear) agus Saint-Cyr-sur-Mer (san iarthar), cumhdaíonn an limistéar geografach críocha 12 bhardas in iardheisceart na roinne agus cuireann sé comhsheasmhacht mhoirfeolaíoch áirithe ar fáil.

Is féidir an limistéar sin a chur i gcomparáid le hamfaitéatar, atá thart ar 10 gciliméadar ar leithead ar an meán agus a bhfuil cnoic ísle (200 go 300 méadar ar a mhéad) ar a theorainn, a osclaíonn amach ar an bhfarraige ag Saint-Cyr-sur-Mer. Tá roinnt airdí sa lár (cnoic Castellet, Cadière d'Azur, Bandol, Migoua agus Gros Cerveau de Croupatier). Timpeall an limistéir sin, tá ardchláir arda Sainte Baume (níos mó ná 600 méadar) sa tírdhreach ó thuaidh, fánaí Mont Caume (801 mhéadar ar airde) san oirthear, ardchláir chúlchríoch Marseille atá cosúil le fásach san iarthar, agus ardchlár Siou Blanc san iarthuaisceart.

Tagann na hithreacha a fhaightear ar imlíne an limistéir ón tréimhse Thriasach den chuid is mó, ar thaobh amháin lena bhfoirmítear barra dírithe soir-siar idir Saint-Cyr agus Bandol agus, ar an taobh eile, lámh a shíneann ó dheas de Beausset. Gaineamhchloch dhearg nó cré is mó atá ann, agus uaireanta sraitheanna d'aolchloch dhlúth. Chruthaigh an bhuncharraig ithreacha sách éadomhain (70 go 80 cm), le huigeacht ghainmheach, chréúil agus aolchloiche a bheag nó a mhór.

D'oibrigh na saothróirí fíniúna leis an tír-raon trí mhoirfeolaíocht na bhfánaí ar na dromanna agus ar na cnoic sin a oiriúnú chun go leor 'restanques' (léibhinn) a chruthú, a laghdaíonn a leithead agus a ndoimhneacht le hairde (ó 30 go 5 mhéadar).

Mar gheall ar a chóngaracht, soláthraíonn an fharraige éifeacht chothromúcháin a fhaightear de ghnáth in aeráid chósta na Meánmhara, ós rud é go maolaíonn sí éagsúlachtaí móra teochta. Tá an limistéar ar cheann de na limistéir is grianmhaire ar chósta Provence (3 000 uair an chloig in aghaidh na bliana ar an meán). Tá an oscailt i dtreo an iardheiscirt fabhrach do theacht isteach leoithní farraige, rud a sholáthraíonn báisteach leordhóthanach freisin (idir 650 agus 800 mm/bliain) a scaiptear i gcaitheamh an fhómhair agus an gheimhridh. Séideann an ghaoth Mistral fhuar thirim ón tuaisceart agus déanann sí difear d'aeráid an limistéir. Leis an tír-raon garbh sin, lena gcruthaítear miocraeráidí, cuirtear dálaí idéalacha ar fáil chun fíniúnacha a shaothrú, ós rud é go gcuireann sé teorainn leis na rioscaí le linn na tréimhse bláthaithe tríd an nochtadh gréine is gá a chur ar fáil ach trí chosaint ar thriomach a chur ar fáil freisin.

Sa 6ú haois RCh, bhunaigh na Phocaeans coilíneacht ar a dtugtar Torroeis i gcomharsanacht shráidbhaile reatha Castellet. Chuir siad fíonghort ansin, a choinnigh na Rómhánaigh, srathaithe i léibhinn. Tá an fíonsaothrú fréamhaithe go daingean sa suíomh speisialta seo agus bhí sé i gcónaí ina bhunchloch den gheilleagar áitiúil. As acmhainneacht 2 400 ha d'fhíniúnacha a chuirtear laistigh den imlíne sin, táirgtear TGFC 'Mont Caume' ar 220 ha faoi láthair, rud atá cothrom le 10 000 hl in aghaidh na bliana. Aithníodh 'Vins de Pays du Mont Caume' le foraithne an 31 Eanáir 1982. Murab ionann agus táirgeadh eile sa roinn, ina bhfuil cion na bhfíonta *rosé* thart ar 80 %, tá na fíonta *rosé* TGFC Mont Caume cothrom le níos lú ná 55 % de mhéideanna táirgeachta. Ar an taobh eile, agus baineann an tsaintréith seo go sonrach leis an tásc geografach faoi chosaint atá i gceist, tá táirgeadh fíona dheirg níos tábhachtaí toisc go mbíonn idir 40 % agus beagnach 50 % de thoirt i gceist leis i gcónaí ag brath ar bhliain an fhíona. Tá thart ar 5 % de tháirgeadh fíona shocair, ag brath ar bhliain an fhíona, i gceist le táirgeadh fíona ghil, arb é an cion is lú é.

Táirgtear na fíonta *rosé* socra go príomha ó na cineálacha Grenache N, Cinsault N agus Carignan N, agus táirgtear na fíonta dearga go príomha ó na cineálacha Mourvèdre N, Carignan N agus Grenache N. I bhfíon geal, tugtar tús áite do na cineálacha Bourboulenc B, Ugni Blanc B agus Clairette B. Saintréith de chuid na bhfíonta dearga is ea a struchtúr agus a ndéine. Saintréith de na fíonta *rosé* is ea a ndath bándearg éadrom séimh agus a ndea-bholaithe torthaíocha. Saintréith de na fíonta geala is ea a nádúr bríomhar agus a ndea-bholaithe bláthacha, torthaíocha.

D'fhéadfadh cuma mheasartha a bheith ar tháirgeadh bliantúil thásc geografach faoi chosaint 'Mont Caume', ach mar sin féin tá cáil áirithe bainte amach aige. Tairbhíonn an TGFC de líonra dáileacháin áitiúil a eagraítear go príomha sna fíonlanna. Tá praghas fabhrach ar na fíonta. Gach bliain, aithnítear fíonta Pays du Mont Caume ar an leibhéal náisiúnta in 'Concours Général Agricole de Paris' agus ar an leibhéal roinne in 'Concours des soleils' le haghaidh fíonta a tháirgtear i réigiún Var.

I gceann de na ranna turasóireachta is mó sa Fhrainc, d'éirigh le tásc geografach 'Mont Caume' a cháil a bhunú in earnáil an fhíona áitiúil. Thairis sin, cuireann 22 eastát agus trí chomhar-fhíonlann ar a laghad na fíonta sin ar fáil mar fhreagairt ar éileamh ó thomhaltóirí. Áirithítear le tionchar tairbhiúil an Mistral aeráil mhaith na bhfíonghort, fiú tar éis báisteach throm, rud a chuireann le dea-shláinte na bhfíonchaor sna dáileachtaí talún. Tugann éifeacht aeráid chósta na Meánmhara mar aon le suíomh na bhfíonghort ar fhánaí ithreach aolchloiche éadoimhne a struchtúr agus a ndéine ar leith do na fíonta dearga, agus tugann na fíonta geala agus *rosé* a n-úire agus a gcarachtar torthaíoch bláthanna dóibh.

Catagóir an táirge fíniúna

5. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

Achoimre ar an nasc

Sa lá atá inniu ann, táirgeann eastát amháin agus comharchumann fíona amháin na fíonta súilíneacha i limistéar geografach TGFC, as a dtagann 33 000 buidéal in aghaidh na bliana d'fhíon geal (Clairette, Ugni blanc) agus d'fhíon *rosé* (Grenache agus Cinsault) den chuid is mó.

Saintréith de na fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán is ea a ngalántacht agus na dea-bholaithe torthaíocha nó bláthanna is gnách do na fíonta socra TGFC.

Tugann éifeacht aeráid chósta na Meánmhara mar aon le suíomh na bhfíonghort ar fhánaí ithreach aolchloiche éadoimhne a struchtúr agus a ndéine ar leith do na fíonta dearga, agus tugann na fíonta geala agus *rosé* a n-úire agus a gcarachtar torthaíoch bláthanna dóibh, rud atá coitianta i bhfíonta súilíneacha ar ardchaighdeán.

11. **Tuilleadh ceanglas is infheidhme**

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

Limistéar díreach in aice láimhe

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais/an mhaolaithe breise

Maolú ar tháirgeadh sa limistéar geografach sainithe

Tuairisc ar an gceanglas/ar an maolú

Sa limistéar atá díreach in aice láimhe, arna shainiú ag maolú maidir le fíonta TGFC 'Mont Caume' a dhéanamh agus a fhorbairt, cuimsítear na bardais seo a leanas, i gcomhréir le Cód Geografach Oifigiúil 2024:

— San iarthar, na bardais seo a leanas ar theorainn roinn Bouches-du-Rhône:

Allauch, Aubagne, Auriol, Belcodène, La Bouilladisse, Cadolive, Carnoux-en-Provence, Cassis, Ceyreste, La Ciotat, Cuges-les-Pins, La Destrousse, Gémenos, Marseille, La Penne-sur-Huveaune, Peypin, Plan-de-Cuques, Roquefort-la-Bédoule, Roquevaire, Saint-Savournin agus Septèmes-les-Vallons.

— San oirthear, na bardais seo a leanas atá ar theorainn roinn Var, i gcomhréir le Cód Geografach Oifigiúil 2024:

Les Adrets-de-l'Estérel, Aiguines, Ampus, Les Arcs, Artignosc-sur-Verdon, Artigues, Aups, Bagnols-en-Forêt, Bargème, Bargemon, Barjols, La Bastide, Baudinard-sur-Verdon, Bauduen, Belgentier, Besse-Sur-Issole, Bormes-les-Mimosas, Le Bourguet, Bras, Brenon, Brignoles, Brue-Auriac, Cabasse, Callas, Callian, Camps-la-Source, Le

Cannet-des-Maures, Carcès, Carnoules, Carqueiranne, Cavalaire-sur-Mer, La Celle, Châteaudouble, Chateauvert, Chateauvieux, Claviers, Cogolin, Collobrières, Comps-sur-Artuby, Correns, Cotignac, La Crau, La Croix-Valmer, Cuers, Draguignan, Entrecasteaux, Esparron, La Farlède, Fayence, Figanières, Flassans-sur-Issole, Flayosc, Forcalqueiret, Fox-Amphoux, Fréjus, La Garde, La Garde-Freinet, Garéoult, Gassin, Ginasservis, Gonfaron, Grimaud, Hyères, Le Lavandou, La Londe-les-Maures, Lorgues, Le Luc, La Martre, Les Mayons, Mazaugues, Méounes-les-Montrieux, Moissac-Bellevue, La Môle, Mons, Montauroux, Montferrat, Montfort-Sur-Argens, Montmeyan, La Motte, Le Muy, Nans-les-Pins, Néoules, Ollières, Pierrefeu-du-Var, Pignans, Plan-d'Aups-Sainte-Baume, Plan-de-la-Tour, Pontevès, Pourcieux, Pourrières, Le Pradet, Puget-Sur-Argens, Puget-Ville, Ramatuelle, Rayol-Canadel-Sur-Mer, Régusse, Rians, Riboux, Rocbaron, Roquebrune-Sur-Argens, La Roquebrussanne, La Roque-Esclapon, Rougiers, Saint-Antonin-du-Var, Sainte-Anastasie-sur-Issole, Sainte-Maxime, Saint-Julien, Saint-Martin-De-Pallières, Saint-Maximin-la-Sainte-Baume, Saint-Paul-en-Forêt, Saint-Raphaël, Saint-Tropez, Saint-Zacharie, Salernes, Les Salles-sur-Verdon, Seillans, Seillons-Source-d'Argens, Signes, Sillans-la-Cascade, Solliès-Pont, Solliès-Toucas, Solliès-Ville, Tanneron, Taradeau, Tavernes, Le Thoronet, Toulon, Tourrettes, Tourtour, Tourves, Trans-en-Provence, Trigance, Le Val, La Valette-du-Var, Varages, La Verdière, Vérignon, Vidauban, Villecroze, Vinon-sur-Verdon agus Vins-sur-Caramy.

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

Lipéadú

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais/an mhaolaithe breise

Forálacha breise maidir le lipéadú

Tuairisc ar an gceanglas/ar an maolú

Féadfar ainm cineáil fíniúna amháin nó níos mó a chur leis an tásc geografach faoi chosaint 'Mont Caume'.

Féadfar na téarmaí 'primeur' [luath] nó 'nouveau' [nua] a chur leis an tásc geografach faoi chosaint 'Mont Caume'. Coinnítear na téarmaí 'primeur' agus 'nouveau' le haghaidh fíonta socra amháin.

Nuair a chuirtear an téarma traidisiúnta 'Vin de pays' in ionad an téarma 'indication géographique protégée' [tásc geografach faoi chosaint], ní mór lógó TGFC an Aontais Eorpaigh a bheith ar an lipéad.

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://info.agriculture.gouv.fr/boagri/document_administratif-3626f5ca-9286-44ac-b913-aa217430384e